# Nuacht Neasáin

Eanáir 2017

## Dátaí don Dialann

## *Dates for your diary*

---

Briseadh Meán-Téarma / Mid Term

20-24 Feabhara / Feb

Beidh an scoil dúnta

---

An Chéad Fhaoistin / First

Confession (R2) 12.00

Searmanas na

nGealltanas/Commitment

Cermony (R6)13.30

15/02/17

---

An Cóineartú / Confirmation

31 Márta / March 11.30r.l.

---

An Chéad Chomaoineach

06 Bealtaine @10.00

Bailíodh € ar 4200 aran lá sport do chách i mbliana. Míle buíochas do chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn. Tá €2,100 den airgead sin bronnta ar Charthannacht Aidan & Donncha's Wings a bhunaigh Múinteoir Shane agus a bhean Ellie.

*We raised €4200 on the Sport for all Day this year. A huge thank you to all who supported the event. €2100 of this money has been donated to Aidan and Donncha's Wings Charity founded by Múinteoir Shane and his wife Ellie.*

# Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Athbhliain faoi mhaise do phobal iomlán na scoile. Tá súil againn go raibh briseadh deas ag gach duine. Tá téarma gnóthach os ár gcomhair agus gach duine ag socrú ar ais arís i ndiaidh an bhriseadh. Bhí an cúpla seachtain deireannach féin an-ghnóthach le cuairteanna ar Pháirc an Chrócaigh, ceolchoirm sa cheoláras, drámaí na Nollag, canadh san ospais, craoladh ar Raideo na Gaeltachta, micléinn sa scoil, cuairt Dhaidí na Nollag agus gnáthobair na ranganna chomh maith.

### Cuairt Dhaidí na Nollag

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Gaeloideas as an ócáid álainn a reáchtáil siad ar an 11 Nollaig nuair a d'fháiltigh siad roimh Dhaidí na Nollag anseo i Scoil Neasáin. Bhí an scoil draíochtúil an mhaidin sin, maisithe go gleoite, scuainí an-eagraithe agus grianghraif tógtha agus seolta go pras ag clanna na scoile. Ní tharlaíonn a leithéid d'ócáid gan go leor pleanála agus eagrú agus táimid go mór faoi chomaoin ag Gaeloideas agus ag Cumann na dTuistí a chabhraigh ar an lá sin.

Míle buíochas do gach duine atá tar éis an aip Komeer a shúiteáil ar bhur fóin / gléasanna teicneolaíochta. Is bealach i bhfad níos saoire agus éifeachtaí atá ann le cumarsáid a dhéanamh agus ní bhíonn teorainn le fad na dteachtaireachtaí ná píonós de bharr fada a úsáid. Bheimis an-bhuíoch dóibh siúd nach bhfuil tar éis an aip a shúiteáil go fóill é sin a dhéanamh chun an stró a bhaint as bheith ag scríobh teachtaireachtaí faoi dhó agus chun costais a laghdú. Bhí costas €15 ar théacs dhá-theangach chuig pobal iomlan na scoile.

## An Ghaeilge sa Scoil

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine a chuid leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo phobail na scoile, agus ní amháin teanga a labhraítear ó 9.00 go 2.30.
Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil a lán Béarla á labhairt timpeall na scoile le déanaí, agus tuismitheoirí ag fágáil páistí agus á mbailiú. Iarraimid oraibh iarracht mhór a dhéanamh gan aon Bhéarla a labhairt timpeall na scoile, le múinteoirí, páistí, nó tuismitheoirí eile. Le do thoil spreag na páistí le Gaeilge a labhairt le chéile i gcónaí.

We wish everyone a very Happy New Year and hope that all our families had a nice break over the Christmas. This term is very busy as we all settle back to school.

The lead up to the holidays was particularly busy with outings to Croke Park, the Concert Hall, Christmas plays. Christmas eve radio broadcasts, student teachers, Diaidí na Nollag's annual visit not to mention the day to day work in all of the classes also.

### Cuairt Dhaidí na Nollag

*We would like to thank Gaeloideas sincerely for the wonderful occasion which they organised in the school on the ii$^{th}$ December when they welcomed Daidí na Nollag to the school in style. The place was magical, decorated beautifully, queues well managed and photographs taken and emailed promptly. Such an occasion does not happen without considerable planning and organising and we are deeply grateful to Gaeloideas and to Cumann na dTuismitheoirí who helped that morning.*

*Many thanks to everyone who has installed the Komeer app on their phones and or devices. Komeer is a much more cost-effective way of communicating with parents. The length of the message is not curtailed and neither are we penalised for using sínte fadas. There are a number of families who have yet to sign up and we would encourage you to do so as soon as possible in order to avoid the duplication of work and decrease costs.*

*A bilingual txt message to all families in the school costing in the region of €15.*

## An Ghaeilge sa Scoil

*In a Gaelscoil, it is vital that every member of the school community does their part to make Gaeilge a vibrant and living language, and not just something that is imposed from 9.00 to 2.30.*
*We have noticed that there is a lot of English being spoken around the school, when parents are dropping children and picking them up. Please make a big effort not to speak any English at school, to teachers, children, and other parents. Please encourage children to speak Irish to each other if you are giving lifts etc.*

*'Beatha teanga í a labhairt'*